



**Údarás na  
Gaeltachta**

## **Cléireach Creidiúnaithe**

Tá post ar chonradh a mhairfidh suas go dtí mí Lúnasa 2022 á thairiscint ag an Rannóg Airgideais. Beidh an té a cheapfar lonnaithe in Ardoifig Údarás na Gaeltachta i nGaillimh. Beidh an té a cheapfar freagrach don Oifigeach Iocaíochtaí agus Sóláthar Poiblí.

Tá iarratais á lorg ó dhaoine a bhfuil na cáilíochtaí cuí acu agus Gaeilge labhartha agus scríofa ar a dtoil acu.

Ní mór cáilíocht i staidéar gnó a bheith ag iarrthóirí agus scileanna maithe ríomhaireachta, go háirithe Excel, agus taithí chuí nó eolas maith a bheith acu maidir le próiseáil agus íoc sonrasc agus ráitis creidiúnaithe a réiteach.

### **An Ról:**

- Sonraisc a chur ar an gcóras agus iad a mheaitseáil leis an horduithe ceannacháin,
- Íocaíochtaí a dhéanamh go seachtainiúil,
- Ráitis creidiúnaithe a réiteach,
- Riaracháin ar chóras inmheánach airgeadais.

Íocfar tuarastal idir **€30,000 - €35,000** leis an té a cheapfar.

Seol litir chumhdaigh mar aon le CV trí Ghaeilge roimh **4in Dé Máirt 28ú Meán Fómhair 2021** chuig [foluntais@udaras.ie](mailto:foluntais@udaras.ie) nó chuig;

An Rannóg Acmhainní Daonna agus Forbartha Foirne,  
Údarás na Gaeltachta,  
Na Forbacha, Co. na Gaillimhe.  
Teil: 091 503100 Ríomhphost: [foluntais@udaras.ie](mailto:foluntais@udaras.ie)

*Is fostaitheoir comhionannais é Údarás na Gaeltachta agus is í an Ghaeilge  
a theanga oibre*